Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 5

# Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 5, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2017, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €189,816 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheannaire Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Chomhlíon mé mo dhualgais i leith an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse a bhí ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Tá mé ag brath ar litir dhearbhaithe a fuarthas ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta Sheirbhísí Chomhroinnte go bhfuil na rialaithe cuí i bhfeidhm i dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánach airgeadais.
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínteí rialaithe infheistíochta caipitil cui agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ach amháin i gcás sé chonradh arbh fhiú €474,607 ar an iomlán a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Ní raibh ach soláthróir seirbhíse amháin ar fáil do dhá chonradh, dar luach €69,400 dóibh. Shíneadh dhá chonradh eile dar luach €60,242 dó, a bhain le seirbhís teileafóin agus soláthar nascachta sonraí níos faide ná an fad tairisceana fógraithe de bhrí gur cuireadh moill ar laghdú ar líon na n-áiteanna ina bhfuil foireann na hoifige bunaithe. Athnuaíodh conradh amháin le luach €318,177 gan chomórtas tairisceana agus ag fanacht le comórtas Oifig Soláthair an Rialtais a chríochnú chun Creat-Chomhaontú a bhunú. Tar éis iomaíochta a reáchtáladh faoin gcreat nua seo cuireadh conradh nua i Meitheamh 2017. Déantar aghaidh ar an gconradh deireanach le haghaidh € 26,788 faoi Chreat-Chomhaontú bunaithe OSR eile.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí í bhfeidhm a aithníonn na príomh rioscaí don oifig agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil.Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus bronann sé feidhmiú rialaithe ar bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifigé ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d’fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Barry Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
28 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2018

# Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
# Cuntas Leithreasa 2017

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas chláir | | | | | | |
| A | **Soláthar seirbhís ionchúisimh** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 41,588 | | | |
| | | *Forlíontach* | 260 | 41,848 | 41,682 | 39,417 |
| | **Olliomlán** | | | **41,848** | **41,682** | **39,417** |
| | Lúide | | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 912 | | | |
| | | *Forlíontach* | (158) | **754** | **778** | **791** |
| | **Glaniomlán** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 40,676 | | | |
| | | *Forlíontach* | 418 | | | |
| | | | | **41,094** | **40,904** | **38,626** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **189,816** | **259,940** |

**Barry Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

28 Márta 2018

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas Chostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 24,850 | 23,976 |
| Pá | | 13,264 | 12,825 |
| Caiteachas eile | | 3,568 | 2,616 |
| **Olliomlán** | | **41,682** | **39,417** |
| Lúide | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **778** | **791** |
| **Glaniomlán** | | **40,904** | **38,626** |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (214) | | |
| Dímheas | 165 | | |
| Calliúint ar diúscairti | 23 | | |
| | | (26) | 70 |
| **Athraithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú i gcostais fabhruithe deiridh | (276) | | |
| Laghdú i stoc | 2 | | |
| | | (274) | 210 |
| **Caiteachas díreach** | | **40,604** | **38,906** |
| **Caiteachas iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,547 | 2,600 |
| Measchíosanna | | 1,862 | 457 |
| **Costas chláir ghlan** | | **45,013** | **41,963** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glan chaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas á iompar ag Vótaí eile maidir le Vóta 5.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 1,653 | 1,186 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poibli | 680 | 1,230 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 27 | 24 |
| Vóta 20 Garda Síochána | 187 | 160 |
| | **2,547** | **2,600** |

## Nóta 2  Ráiteas ar an Staid Airgeadais

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | Nóta | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 327 | **301** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 844 | 854 |
| Stoic | 2.4 | 65 | 67 |
| Réamhíocaíochtaí | | 131 | 145 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 248 | 230 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,288** | **1,296** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 66 | 94 |
| Costais fhabhraithe | | 2,819 | 3,109 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 1,026 | 990 |
| **Iomlán dliteanas reatha** | | **3,911** | **4,193** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(2,623)** | **(2,897)** |
| **Glanditeanais** | | **(2,296)** | **(2,596)** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **(2,296)** | **(2,596)** |

### 2.1 Cuntas maoiniú stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Iarmhéid ag 1 Eanáir** | | | (2,596) | (2,329) |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 41,094 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (190) | | |
| Vóta glan | | | 40,904 | 38,626 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1 | | 2,547 | 2,600 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 1,862 | 457 |
| Costas glan clár | 1 | | (45,013) | (41,963) |
| Míreanna neamh-airgid: coigeartú sócmhainní caipitil | | | — | 13 |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **(2,296)** | **(2,596)** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomláin |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollshócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 3,458 | 661 | 4,119 |
| Breiseanna | 187 | 27 | 214 |
| Diúscairtí | (243) | (127) | (370) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 3,402 | 561 | 3,963 |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 3,242 | 576 | 3,818 |
| Dímheas don bhliain | 131 | 34 | 165 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (235) | (112) | (347) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 3,138 | 498 | 3,636 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **264** | **63** | **327** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 216 | 85 | 301 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid PMG | 768 | 837 |
| Iarmhéid chuntais bhainc thráchtála | 76 | 17 |
| | **844** | **854** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 28 | 36 |
| Tomhaltáin TF | 37 | 31 |
| | **65** | **67** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna dochair eile | 248 | 230 |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Suimeanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 548 | 551 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 180 | 176 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 270 | 259 |
| Cáin Bhreisluacha | 24 | 4 |
| | 1,022 | 990 |
| Míreanna creidmheasa fionraí eile | 4 | — |
| | **1,026** | **990** |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farrasbar le géilleadh | 190 | 260 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (124) | (166) |
| Glandliteanas don Státchiste | **66** | **94** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 844 | 854 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 248 | 230 |
| | 1,092 | 1,084 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,022) | (990) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (4) | — |
| | (1,026) | (990) |
| | **66** | **94** |

## 2.8 Ceangaltais

Bhí ceangaltais ag an Oifig maidir le táillí dlíthiúla ag deireadh na bliana ach tá sé deacair luach na gceangaltais seo a mheas go cruinn mar gheall ar neamhchinnteachtaí dúchasacha agus stádas na gcásanna amuigh.

Ní raibh ceangaltas eile a bheadh in-fheidhmithe go dlíthiúil ag an Oifig ag 31 Nollaig 2017 (2016: neamhní).

## 2.9 Dliteanais Aibí

| ag 31 Nollaig | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibí neamh-urscaoilte ag deireadh na bliana | **144** | **138** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000).

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 14,127 | | | |
| | | *Forlíontach* | (771) | 13,356 | 13,264 | 12,825 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 109 | | | |
| | | *Forlíontach* | (13) | 96 | 172 | 131 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,262 | | | |
| | | *Forlíontach* | (106) | 1,156 | 1,123 | 1,259 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 240 | | | |
| | | *Forlíontach* | 11 | 251 | 238 | 207 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TFC seachtracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 641 | | | |
| | | *Forlíontach* | 313 | 954 | 658 | 516 |
| vi | Costais áitreabh oifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,048 | | | |
| | | *Forlíontach* | 403 | 1,451 | 1,341 | 490 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 37 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8 | 45 | 36 | 13 |
| | | | | **17,309** | **16,832** | **15,441** |

**Athrúcháin shuntasacha**

vi Costais áitreabh oifige

Soláthar an mheastacháin €1.05 milliún, toradh: €1.34 milliún

D'eascair an farasbarr toisc go ndearnadh oibreacha caipitil a raibhthar ag súil leo titim i 2016 i ndáiríre i 2017.

## Clár A Soláthar seirbhís ionchúisimh

| | | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 14,127 | | | |
| | | *Forlíontach* | (771) | | | |
| | | | | 13,356 | 13,264 | 12,825 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,337 | | | |
| | | *Forlíontach* | 616 | | | |
| | | | | 3,953 | 3,568 | 2,616 |
| A.3 | Táillí d'abhcóidí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 14,528 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,377 | | | |
| | | | | 15,905 | 16,406 | 14,858 |
| A.4 | Costais dlí ghinearálta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,946 | | | |
| | | *Forlíontach* | (879) | | | |
| | | | | 2,067 | 1,883 | 2,571 |
| A.5 | Seirbhís aturnaetha stáit áitiúla | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 6,650 | | | |
| | | *Forlíontach* | (83) | | | |
| | | | | 6,567 | 6,561 | 6,547 |
| | | | | **41,848** | **41,682** | **39,417** |

**Athrúcháin shuntasacha**

A.3 *Táillí d'abhcóidí*

Soláthair an mheastacháin: €14.53 milliún, toradh: €16.41 milliún

Bhí an méadú ar chaiteachas, de €1.88 milliún, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar thoradh ar mhéadú neamhghníomhach i ngníomhaíochtaí i gcúirteanna áirithe.

A.4 *Costais dlí ghinearálta*

Soláthair an mheastacháin: €2.95 milliún, toradh €1.88 milliún

Bhí an easnamh i gcaiteachas, de €1.07 milliún i gcoibhneas leis an meastachán mar gheall ar níos lú dámhachtainí costas i 2017.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Mheastachán | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais ilghnéitheacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 128 | | | |
| | | *Forlíontach* | (44) | | | |
| | | | | 84 | 117 | 110 |
| 2. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 784 | | | |
| | | *Forlíontach* | (114) | | | |
| | | | | 670 | 661 | 681 |
| | **Iomlán** | | | **754** | **778** | **791** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, b'ionann leithreasú i gcabhair €134,000 níos lú ná mar a measadh. Ba é seo an chuid is mó mar gheall ar na nithe seo a leanas:

2. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair seirbhíse poiblí

Soláthair an mheastacháin: €784,000, toradh: €661,000

Bhí na fáltais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr méadú ar na tairseacha PRD bliantúla agus mar gheall ar choigilteas ar an bhfotheideal párolla

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha don Státchiste

Rinneadh fáltais ar luach €4,488 (2016: €23,324) a eascraíonn as forghéillithe a ordaíodh ag na cúirteanna a lóisteáil don Státchiste.

# Nóta 5 Líon Foirne agus Pá

## 5.1 Líon foirne

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimsire) | **199** | **194** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 12,169 | 11,783 |
| Dualgais arda, speisialta nó bhreise | 118 | 119 |
| Ragobair | 6 | 5 |
| ÁSPC an fhostóra | 971 | 918 |
| **Pá iomlán** | **13,264** | **12,825** |

## 5.3 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2017 | 2016 |
| | | | € | € |
| Dualgais arda, speisialta nó bhreise | 45 | 4 | 41,592 | 37,757 |
| Ragobair agus tinreamh sa bhreis | 8 | — | 1,845 | 2,909 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2 | — | 1,319 | — |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €137,088 (2016: €138,244) i leith oifigeach amháin a bhí ag freastal taobh amuigh den Oifig i 2017 agus ar íocadh a chuid tuarastal as Fo-mhíreann A.1.